# Sceideal Teilifíse 1

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais – am<br>*Naisc Thraschuraclaim: Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn* |
| **Próisis** | **Cinntí a Dhéanamh agus Monatóireacht a Dhéanamh Orthu**<br>• eolas atá de dhíth le haghaidh taisc a shainaithint agus a aimsiú, ag moladh foinsí cuí le teacht ar an eolas<br>• obair s'acu a phleanáil agus a eagrú, ag foghlaim le hoibriú go córasach<br>**Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• smaointe agus modhanna oibre s'acu a chur i gcomparáid le daoine eile |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uair/uaireanta, bomaite/bomaití, fad |
| **Áiseanna** | sceideal teilifíse samplach, bileog acmhainne an dalta |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

Sa ghníomhaíocht seo, cruthaíonn daltaí a gcuid sceideal teilifíse féin do pháistí. Beidh orthu cloí le buiséad ama ar leith agus cláir le faid ar leith. Beidh orthu éagsúlacht a chur ina gcuid sceideal le cineálacha difriúla clár a chur san áireamh.

### 1 Gníomhaíocht 1

Taispeáin sampla de sceideal teilifíse ó nuachtán, iris nó seirbhís athdheise do na daltaí. Labhair faoi na cineálacha difriúla clár taispeánta e.g. cláir nuachta, cláir spóirt, scannáin, ceol, cartúin srl. Amharc ar fhaid na gclár difriúil. Iarr orthu a mbarúlacha a thabhairt ar na fáthanna a bhfuil roinnt clár agus scannán níos faide ná cinn eile.

### 2 Gníomhaíocht 2

Roinn na daltaí ina bpéirí nó ina ngrúpaí de 3. Mínigh dóibh go gcruthóidh siad a gcuid sceideal do chainéal teilifíse do pháistí. Pléigh na rudaí a mheallfaidh breathnóirí. Mol dóibh go dtiocfadh leo roinnt taighde a dhéanamh ar na cineálacha difriúla clár atá ar fáil do pháistí sula gcuirfidh siad iad ina sceideal. Mar shampla, seans nach mbeadh siad eolach ar chúrsaí reatha maidir le daoine óga. Má tá siad i bponc, lig dóibh a gcuid teideal agus fad an chláir a chumadh.

Iarr orthu smaoineamh ar dhóigheanna le súil a choinneáil ar a roghanna sa dóigh go dtig leo a bheith cinnte go bhfuil critéir na gníomhaíochta á gcomhlíonadh acu.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an chéad chlár / clár deireanach a craoladh?<br>• Cá fhad a mhaireann clár x?<br>• Cén t-am a dtosaíonn an clár ceoil is luaithe / is moille? | • Cad chuige a síleann tú go bhfuil cineálacha difriúla clár ar an chainéal seo?<br>• Cad é a dhéanfadh comhlachtaí teilifíse le breathnóirí a mhealladh?<br>• Cad é mar a dhíríonn an comhlacht teilifíse seo ar lucht féachana ar leith? |

## Difreáil

Smaointe féideartha maidir le difreáil ná:
Fad an sceidil a laghdú/a mhéadú de réir mar is cuí;
Líon na gcritéar don sceideal a laghdú/a mhéadú.

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.

## Sceideal Teilifíse

Tá an comhlacht teilifíse áitiúil ag lorg smaointe ó do scoil maidir leis na cláir ba cheart dó a chur ar fáil ina sceidil. Le cuidiú leis an an chomhlacht é seo a dhéanamh, tá sé ag iarraidh go gcruthóidh tú agus do chairde sceideal samplach faoi choinne páistí idir 4 – 11 bhliain d'aois. Agus an tábla thíos in úsáid agat (nó, is féidir leat do cheann féin a dhéanamh más maith leat) cruthaigh sceideal teilifíse do lá amháin. Déan iarracht cloí leis na treoracha agus tú i mbun oibre:

- Thig leat a shocrú an t-am a dtosóidh agus a gcríochnóidh an cainéal, ach ba cheart go mbeadh 12 uair de chlársceidealú ann ar a laghad;
- Ba cheart go mbeadh cartúin ann ar feadh uair amháin ar a laghad;
- Ba cheart go mbeadh clár ceoil amháin, clár nuachta amháin agus clár dúlra amháin ann ar a laghad;
- Thig leis an chlár is gairide maireachtáil cúig bhomaite agus an clár is faide uair a chloig;
- Thig leat scannán amháin a chur san áireamh (thiocfadh leis maireachtáil níos mó ná uair a chloig).

| Am | Teideal an Chláir | Cineál Cláir | Fad an Chláir |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |